Bliain **6** & Bliain **7**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Tionchar
Aonad Téamach

Clár

Faoin Aonad Téamach seo			1
Rannán 01 **Cad é atá ag Tarlú**	Gníomhaíocht a hAon	An tÁbhar a Thuiscint	5
		Gníomhaíocht Roghnach: Beatha Phlandúil	6
	Gníomhaíocht a Dó	Cad é Sin?	7
	Gníomhaíocht a Trí	Súil ar an Aimsir!	8
	Gníomhaíocht a Ceathair	Taiscéal, Saothraigh, Cuir i gContúirt	9
Rannán 02 **Cén Dóigh a bhFuil Tionchar Agam Féin ar an Chomhshaol?**	Gníomhaíocht a Cúig	I Saol Idéalach	13
	Gníomhaíocht a Sé	An tSaincheist a Aithint	14
	Gníomhaíocht a Seacht	An Tionchar a Aithint	15
Rannán 03 **Cad é mar Is Féidir Liom Cuidiú?**	Gníomhaíocht a hOcht	Mo Thionchar – An Tionchar atá Agam ar an Domhan	19
		Gníomhaíochtaí Roghnacha: Saincheisteanna Domhanda	20
	Gníomhaíocht a Naoi	Agóid nó Síocháin	21
	Gníomhaíocht a Deich	Áiteanna a Mhalartú	22
	Gníomhaíocht a hAon Déag	Pasanna Comhshaoil	23
Áiseanna			25

Admhálacha

Is mian le CCEA aitheantas a thabhairt do Anne McErlane ó Mount St. Michael's Primary School, Baile Raghnaill a d'fhorbair an tAonad Téamach seo, agus d'fhoireann Mount St. Michael's Primary School, do phríomhoide, d'fhoireann agus do pháistí Bhunscoil an tSléibhe Dhuibh, agus d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus Bunscoil an Traonaigh as íomhánna de na daltaí a chur ar fáil dúinn.

Faoin Aonad Téamach Seo

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Éicealaochra*, SFN Blianta 6&7. Tá tionchar ag gach duine againn ar an timpeallacht, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda. San Aonad Téamach seo, foghlaimeoidh páistí faoin dóigh a dtéann na rudaí a dhéanaimid i bhfeidhm ar dhaoine agus ar ainmhithe i dtíortha eile, agus faoin tionchar dearfach is féidir a bheith againn ar an domhan.

Beidh na páistí níos eolaí ar an tionchar atá acu ar ghnáthóga in áiteanna eile ar domhan. Fiosróidh siad dóigheanna ar féidir leo ról dearfach a bheith acu.

Fiosróidh na páistí:
- Éiceachórais éagsúla;
- Mórcheisteanna domhanda agus an tionchar atá acu ar an chomhshaol; agus
- An chomhfhreagracht atá orainn as an chomhshaol áitiúil agus domhanda.

Beidh deiseanna fosta ag páistí scileanna a bhaineann le Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt.

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa timpeallacht.
Croíghné	*Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Díríonn an tAonad Téamach seo ar **Smaointeoireacht, Fadhbréiteach** agus **Cinnteoireacht**. Beidh deiseanna ag na páistí: • *Fianaise a scrúdú agus naisc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí féideartha;* • *Níos mó ná dearcadh amháin a thuiscint;* • *Roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas; agus* • *Réitigh fhéideartha ar fhadhbanna a mholadh.*
Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid Matamaitice (ÚMata); agus • Úsáid TFC (ÚTFC).
An Fhoghlaim a Nascadh	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: • An Domhan Thart Orainn • Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; agus • Teanga agus Litearthacht.
Aidhm	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: • Machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo difear a dhéanamh; • Tuiscint a bheith acu ar an dóigh a bhféadfadh tionchar domhanda a bheith ag na rudaí a dhéanann siad go háitiúil; agus • Cur lena gcuid eolais faoin domhan mór trí éiceachóras/réigiún a fhiosrú.

RANNÁN

Cad é atá ag Tarlú?

01

Gníomhaíocht a hAon
An tÁbhar a Thuiscint

Cuspoirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- bheith eolach ar an tionchar atá ag suíomh ar bheatha phlandúil agus ainmhíoch;
- grianghraif faisnéise a bhaineann le háiteanna éagsúla a shórtáil agus a rangú (SSÁP); agus
- cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a bhaineann le gnéithe agus le háiteanna éagsúla a shainaithint (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí smaoineamh, agus plé a dhéanamh le páirtí, ar áiteanna ar an domhan ina bhfuil aeráid agus éiceachórais atá éagsúil leis an aeráid/na héiceachórais againn féin. Scríobh na smaointe ar smeach-chairt nó ar chlár.

Cuir roinnt grianghraf d'éiceachórais éagsúla ar fud an domhain ar taispeáint, mar shampla:
- Foraoisí Báistí
- Réigiúin Pholacha
- Fásaigh

Déanfaidh na páistí na grianghraif a shórtáil de réir na n-éiceachóras/réigiún ar leith. Iarr orthu na réigiúin éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, agus úsáid na ceisteanna seo a leanas le plé a spreagadh:
- Cad iad na dathanna a fheiceann sibh?
- Cén dóigh a bhfuil na grianghraif éagsúil lena chéile?
- Cad iad na focail a d'fhéadfaí a úsáid le cur síos ar gach réigiún a bhfuil staidéar á dhéanamh air?
- Cad chuige, dar libh, a bhfuil na réigiúin chomh héagsúil sin lena chéile?

Le haghaidh tuilleadh smaointe, féach **Grianghraif á nÚsáid** in 'Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc.

Iarr ar na páistí ligean orthu gur imscrúdaitheoirí timpeallachta iad. Cuir ina ngrúpaí taighde iad. Iarr ar gach grúpa aird a dhíriú ar réigiún ar leith.

Ba chóir do gach grúpa smaoineamh ar dhóigheanna le taighde a dhéanamh ar an réigiún. Ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh na háiteanna ar an domhan ina bhféadfaí teacht ar réigiún den chineál sin a aimsiú agus a ainmniú.

Taispeáin gearrthóga scannáin do na daltaí a bhaineann leis an réigiún atá á fhiosrú acu. Mar shampla, foraois bháistí – 'The Jungle Book' nó 'Madagascar'; réigiúin pholacha – 'Happy Feet' nó 'Pingu'; fásach – 'Aladdin' nó 'Prince of Egypt'.

Úsáidfidh siad na grianghraif agus na gearrthóga scannáin leis an rannán 'Ar eolas' ar **Ghreille A-B-C** a comhlánú.

Gníomhaíocht Roghnach
Beatha Phlandúil

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- bheith ábalta na rudaí a bheidh le déanamh acu le tasc a chur i gcrích a phleanáil;
- foghlaim faoin dóigh a dtéann suíomh i bhfeidhm ar bheatha phlandúil; agus
- moltaí a thabhairt faoi cad é ba chóir a thomhas, cá huair ba chóir é a thomhas agus cén dóigh ar chóir é a thomhas (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Pléigh beatha phlandúil sna réigiúin a ndearnadh staidéar orthu. Mínigh don rang go bhfiosróidh siad beatha phlandúil faoi dhálaí éagsúla. Iarr orthu smaoineamh ar áiteanna teo agus áiteanna fionnuara thart faoin scoil a bheadh fóirsteanach le haghaidh plandaí. Cad é mar is féidir leo a chinntiú gur turgnamh cothrom a bheidh ann?

Cuir dhá phlanda in áit the agus cuir uisce ar cheann amháin acu amhail is gur planda foraoise báistí é. Fág an dara ceann gan uisce amhail is gur planda fásaigh é. Úsáid forleatóir leis an áit a dhéanamh níos teo do na plandaí. Déanfaidh na páistí na hathruithe a bhreathnú thar thréimhse trí seachtaine. Iarr orthu fáthanna a thabhairt leis na hathruithe.

Gníomhaíocht a Dó
Cad é Sin?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta ceisteanna cuí a shainaithint agus a chur le faisnéis a fháil (SSÁP);
- foinsí cuí a shainaithint agus a úsáid le faisnéis/sonraí a fháil (SSÁP);
- na scileanna atá acu maidir le bheith ag obair i ngrúpaí a léiriú (SSÁP);
- TFC a úsáid le taighde a dhéanamh agus le faisnéis a roghnú, a mheas agus a chur in iúl (Cum, ÚTFC);
- a thuiscint an idirthuilleamaíocht sa dúlra; agus
- foghlaim faoi chuid de na plandaí agus na hainmhithe i ngnáthóg ar leith.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir an rang sna grúpaí ina raibh siad don ghníomhaíocht roimhe seo. Tabhair clár bán saorsheasaimh nó smeach-chairt do gach grúpa. Bíodh ról ag gach duine sa ghrúpa amhail taighdeoir, bailitheoir nó príomh-imscrúdaitheoir. Iarr ar na páistí catagóirí taighde a bhaineann leis an réigiún a bhfuil staidéar á dhéanamh air a shainaithint (amhail ainmhithe, plandaí, aimsir, daoine atá ina gcónaí ann, tithe sa cheantar). Déanfaidh siad a smaointe a phlé agus a roinnt. Ansin, déanfaidh gach grúpa taighde ar an réigiún a bhí acu sa ghníomhaíocht roimhe seo, agus díreoidh siad aird ar na catagóirí a roghnaigh an rang. Cuirfidh siad a gcuid torthaí ar taispeáint ar an chlár nó ar an smeach-chairt.

Leis an taighde a phleanáil, déanfaidh na grúpaí liosta ceisteanna faoin eolas ba mhaith leo a fháil amach. Thig seo a úsáid chomh maith le cuid den rannán 'Ba Mhaith Linn Bheith Eolach Ar.' ar **Ghreille A-B-C** a chomhlánú.

Úsáid torthaí na ngrúpaí ar na trí chlár le plé a spreagadh ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí a bhaineann leis na trí éiceachóras/réigiún.

Gníomhaíocht a Trí
Súil ar an Aimsir!

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- TFC a úsáid le smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt (ÚTFC);
- bheith á spreagadh le réimse iarmhairtí cruthaitheacha a úsáid le cur lena dtuiscint ar chúrsaí tíreolaíochta (SSÁP);
- bheith ábalta dóigheanna éagsúla a fhiosrú le faisnéis a chur in iúl; agus
- an dóigh a dtéann an aimsir i bhfeidhm ar dhaoine agus ar ainmhithe a thaispeáint.

Taifead tuar na haimsire ar an teilifís nó ar an raidió agus bíodh deis ag na páistí amharc air nó éisteacht leis. Agus an fhaisnéis a bailíodh i nGníomhaíocht a Dó in úsáid acu, scríobhfaidh na grúpaí uile tuairisc aimsire dá n-éiceachóras/réigiún féin, agus cuirfidh siad síos ar an aimsir ann. Is féidir go luafaidh siad rudaí amhail teocht agus gaoth.

Iarr ar gach grúpa tuairisc nó cur i láthair digiteach a ullmhú agus a chur i láthair, bunaithe ar thorthaí an taighde. Cuir i gcuimhne dóibh smaoineamh ar an spriocghrúpa acu agus an cur i láthair á phleanáil acu, agus réimse meán a úsáid chomh maith.



Gníomhaíocht a Ceathair
Taiscéal, Saothraigh, Cuir i gContúirt

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- foghlaim faoin tionchar dearfach agus faoin tionchar diúltach a bhí ag taiscéalaithe ar phobail;
- bheith ábalta faisnéis ábhartha a aimsiú agus a úsáid de réir mar is cuí [SSÁP];
- bheith eolach ar na hathruithe atá tagtha ar an timpeallacht mar gheall ar an duine; agus
- bheith ábalta faisnéis a chur i scríbhinn de réir mar is cuí (Cum).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Sa ghníomhaíocht seo, déanfaidh na páistí iarracht an dóigh a raibh an saol i ngach réigiún ar leith sula ndeachaigh an duine i bhfeidhm air a shamhlú. Ba chóir dóibh na teicneolaíochtaí nua-aimseartha is féidir a bhí in úsáid ag na luath-thaiscéalaithe sna réigiúin seo a shainaithint, mar shampla:

- Na hÉigipteolaithe a thaiscéal tuamaí na bhFarónna san Éigipt.
- Scott nó Shackleton a thaiscéal san Antartach.

Spreag na grúpaí taighde le fáil amach faoi na daoine a thaiscéal na háiteanna ar a ndearna siad staidéar. Tabhair na Ceisteanna Taiscéalaíochta **Áis A** do na grúpaí ábhartha agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.

Iarr ar na páistí bileog eolais a dhéanamh faoin taiscéalaí acu. Déanfaidh gach grúpa urlabhraí a ainmniú agus freagróidh an t-urlabhraí ceisteanna faoin taighde. Déanfaidh na grúpaí eile measúnú ar cé acu a tugadh freagraí sásúla ar na ceisteanna nó nár tugadh.

Scríobhfaidh na páistí sliocht dialainne amhail is go raibh siad féin páirteach sa turas taiscéalaíochta. Cuirfidh siad síos ar an aeráid agus ar na cúinsí taistil.

RAINNÁ

Cén Dóigh a bhFuil Tionchar Agam Féin?

02

Gníomhaíocht a Cúig
I Saol Idéalach

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta smaointe agus léirmhínithe a fhorbairt bunaithe ar ábhair spreagthaigh;
- bheith eolach ar thimpeallacht idéalach gach éiceachórais;
- ábhair éagsúla a úsaid lena bhfreagairt do spreagthach a chur in iúl; agus
- bheith eolach ar an dóigh a dtéann suíomh i bhfeidhm ar bheatha.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir grianghraif, líníochtaí agus pictiúir de na réigiúin a ndearna na grúpaí staidéar orthu ar taispeáint. Iarr ar na páistí smaoineamh ar na dathanna san íomhá. Cén mothú a chuireann an íomhá in iúl? Cén teachtaireacht a bhí an t-ealaíontóir/grianghrafadóir ag iarraidh a chur in iúl?

Cuir an rang ina ngrúpaí taighde. Mínigh do na páistí go n-úsáidfidh siad na torthaí ón taighde a rinne siad le colláis a dhéanamh de na héiceachórais éagsúla. Déanfaidh na grúpaí uile a gcuid féin den cholláis agus léireoidh siad na gnéithe agus na tréithe a bheadh ag sampla 'foirfe' dá réigiún. Ba chóir do na grúpaí a gcuid féin den cholláis a phleanáil agus plé a dhéanamh ar an chuma a bheidh air agus ar na hábhair a úsáidfidh siad. Ba chóir go léireodh an cholláis beatha phlandúil, tírdhreach, tithe agus na daoine éagsúla atá le fáil sa réigiún ar leith. Ba chóir na gnéithe seo a cheangal di ar dhóigh a bhfágfadh go bhféadfaí iad a bhaint di níos moille san aonad. Úsáid réimse leathan ábhar agus meán leis an cholláis a dhéanamh.

Thig leis na páistí ábhair amhail éadach agus pictiúir, olann chadáis, cipíní líreacáin, craobhóga agus tuí a úsáid leis an cholláis a dhéanamh.

Nuair a bheidh an cholláis déanta, is féidir leis an rang an rannán "Cad é a D'fhoghlaim muid" de **Greille ABC** a chomhlánú.

Gníomhaíocht a Sé
An tSaincheist a Aithint

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- foghlaim faoi na dóigheanna ar féidir le daoine an comhshaol a chaomhnú agus a athrú;
- foghlaim faoi eagraíochtaí a dhéanann obair leis an chomhshaol a chosaint;
- bheith eolach ar na saincheisteanna a bhaineann leis an réigiún ar leith ar a bhfuil siad ag déanamh staidéir;
- bheith ábalta faisnéis ábhartha a aimsiú agus a úsáid de réir mar is cuí (Cum);
- bheith ábalta labhairt faoina gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil (Cum & SSÁP);
- TFC a úsáid le taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus le fáisnéis a roghnú, a mheas agus a chur in iúl (ÚTFC); agus
- cuidiú le saincheist a shainaithint agus le fiosrúchán tíreolaíochta a struchtúrú (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh do na páistí go bhfiosróidh siad saincheisteanna a bhaineann leis an éiceachóras/ réigiún ar a bhfuil siad ag déanamh staidéir.

Cuir an rang ina ngrúpaí taighde. Amharcfaidh gach grúpa ar shuímh ghréasáin eagraíochtaí comhshaoil nó eagraíochtaí a bhíonn i mbun feachtais (mar shampla, Survival International nó Greenpeace) leis na saincheisteanna a bhaineann leis an réigiún/ éiceachóras acu a shainaithint. Iarr ar na páistí smaoineamh ar thionchar na saincheisteanna comhshaoil seo agus ar cé acu saincheist is tábhachtaí dar leo. Déanfaidh na páistí tuairisc nuachta a phleanáil, a dhréachtú agus a chur in eagar leis an chuid eile den rang a chur ar an eolas faoi shaincheist a bhaineann leis an réigiún acu.

Iarr ar na páistí scríobh chuig eagraíocht chomhshaoil le heolas a fháil faoi na saincheisteanna seo agus faoin obair a dhéanann an eagraíocht. Is féidir leo ansin na torthaí a chur i láthair don rang nó don chuid eile de pháistí Eochairchéim 2 ag an Tionól. Cruthóidh na páistí clár eolais le tuismitheoirí nó cuairteoirí chun na scoile a chur ar an eolas faoi na saincheisteanna domhanda ar a ndearna siad staidéar.

Gníomhaíocht Roghnach
Tuairimí a Athrú

Taispeáin samplaí de phlaicird do na páistí. Iarr orthu moltaí a thabhairt faoin dóigh ar féidir iad a úsáid le tuairimí daoine a athrú. Cuir na páistí ina ngrúpaí taighde. Déanfaidh gach grúpa roinnt plaiceard a dhearadh le daoine a chur ar an eolas faoi shaincheist dhomhanda a théann i bhfeidhm ar an domhan agus ar éiceachórais.

Gníomhaíocht a Seacht
An Tionchar a Aithint

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- foghlaim faoi na dóigheanna ar féidir le daoine an timpeallacht a chaomhnú agus a athrú ar bhonn domhanda;
- an t-idirghaol idir plandaí agus ainmhithe i ngnáthóg a thuiscint;
- bheith eolach ar na héifeachtaí atá ag na rudaí a dhéanann daoine ar an chomhshaol;
- bheith ábalta labhairt faoina gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil (Cum);
- meas a bheith acu ar dhearcaí agus ar thuairimí daoine eile agus a bheith ábalta comhaontú a bhaint amach trí idirbheartaíocht agus comhréiteach (SSÁP); agus
- TFC a úsáid le sonraí a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair (ÚTFC).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir na páistí ina ngrúpaí taighde. Fiosróidh na grúpaí an tionchar atá ag saincheist ar leith ar an éiceachóras/réigiún ar a bhfuil siad ag déanamh staidéir. Mar shampla, an dóigh a dtéann lománaíocht i bhfeidhm ar na daoine, ar na hainmhithe agus ar an bheatha phlandúil sna foraoisí báistí. Déanfaidh gach grúpa sreabhchairt nó léaráid damháin alla a léireoidh na hiarmhairtí uile a bhaineann leis an tsaincheist atá faoi scrúdú.

Iarr ar na páistí roinnt ráiteas a dhréachtú faoi na saincheisteanna uile a bhaineann leis an réigiún acu agus faoi na fadhbanna a chruthaíonn siad. Ansin, déanfaidh siad iarracht tionchar na bhfadhbanna nó na saincheisteanna seo a mheas agus iad a rangú in ord trí straitéis **Rangú Muileata*** a úsáid.

Cuirfidh gach grúpa a gcuid féin den cholláis ranga in oiriúint le cuid de na fadhbanna sna háiteanna seo a léiriú.

Ba chóir dóibh na hainmhithe, na daoine agus na plandaí atá ag fulaingt de bharr na bhfadhbanna a bhaint amach as an cholláis. Ba chóir na pictiúir a baineadh amach a chur ar chlár eile faoin cheannteideal 'I gContúirt'.

Baileoidh na grúpaí taighde faisnéis ábhartha agus úsáidfidh siad TFC le graf a dhéanamh chun na hathruithe atá i ndán do na réigiúin seo a léiriú. Mar shampla, d'fhéadfadh siad graf a dhéanamh leis an líon ciliméadar den fhoraois bháistí a scriosadh le deich mbliana anuas a léiriú, nó leis an chéatadán d'oighearchaidhpeanna a leáigh le linn an chéid seo a chuaigh thart a thaispeáint.

D'fhéadfadh na grúpaí a gcuid taighde a dhíriú ar an dóigh a ndeachaigh na saincheisteanna a bhí á bplé acu i bhfeidhm ar phlanda nó ainmhí ar leith.

Gníomhaíocht Roghnach
Saincheisteanna Domhanda

D'fhéadfadh na grúpaí fógra raidió nó podchraoladh a dhéanamh le haird a dhíriú ar an tionchar atá ag saincheisteanna áirithe domhanda agus ar an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar na réigiúin ar a ndearna siad staideár. Ba chóir do na páistí éisteacht le cláir raidió agus podchraoltaí éagsúla agus anailís a dhéanamh orthu lena fháil amach faoin dóigh a ndéantar taifeadadh éifeachtach.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

RANNÁN

Cad é mar Is Féidir Liom Cuidiú?

03

Gníomhaíocht a hOcht
Mo Thionchar – An Tionchar atá Agam ar an Domhan

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith eolach ar na héifeachtaí atá ag na rudaí a dhéanann daoine ar an timpeallacht;
- bheith eolach ar na buntáistí timpeallachta a bhaineann le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil;
- foghlaim faoin dóigh le stad a chur le truailliú agus le dramhaíl a laghdú;
- bheith ábalta labhairt faoina gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil (Cum);
- bheith ábalta a gcuid scríbhneoireachta a struchtúrú agus a chur in ord (Cum);
- bheith ábalta TFC a úsáid le smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí íomhánna a chruthú agus a chur i láthair (ÚTFC); agus
- bheith ábalta naisc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Ina ngrúpaí taighde, déanfaidh na páistí machnamh ar shaincheisteanna domhanda éagsúla mar thúsphointe agus pléifidh siad an bhaint atá ag daoine aonair leis an tsaincheist, mar shampla, téamh domhanda – tá truailliú ina chúis leis – is foinse truaillithe iad carranna – téim sa charr in amanna cé go bhféadfainn siúl. Iarr orthu smaoineamh ar an dóigh a gcuireann siad leis na saincheisteanna/fadhbanna domhanda seo agus ar an dóigh a bhféadfadh a dtuismitheoirí nó a scoil cur leis an fhadhb.

Sainaithneoidh na páistí athruithe a thiocfadh linn a dhéanamh ar scoil nó sa bhaile leis an tionchar diúltach atá againn ar an domhan a laghdú.

Sainaithneoidh na páistí saincheist timpeallachta a bhaineann leis an scoil, mar shampla, páipéar á chur amú nó foinse fuinnimh neamh-in-athnuaite a bheith in úsáid. Spreag iad le póstaer, bileog nó cur i láthair a dhéanamh a thaispeánfaidh rudaí a thiocfadh le gach duine sa scoil a dhéanamh leis an fhadhb seo a réiteach nó lena dtionchar diúltach a laghdú. D'fhéadfaí é seo a chur ar an Chlár Eolais (ó Ghníomhaíocht 6) leis an tsaincheist a chur i láthair spriocghrúpa níos leithne.

Gníomhaíochtaí Roghnacha
Saincheisteanna Domhanda

Taispeáin roinnt fógraí a úsáidtear le táirge ar leith a phoibliú nó le feachtas ar leith a chur chun cinn. Pléifidh na páistí an dóigh a gcuireann na póstaeir dearcadh ar leith chun tosaigh. Ansin, bunaithe ar a dtorthaí, déanfaidh siad feachtas fógraíochta a phleanáil leis an dóigh ar féidir linn cuidiú le fadhbanna timpeallachta a réiteach a chur in iúl.

Fiosróidh na páistí dóigheanna le fuíolladhmad agus dramh-ola a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil, ar scoil agus sa bhaile.

Fiosróidh na páistí dóigheanna ina ndéantar seanábhair a athchúrsáil le rudaí nua a dhéanamh. Iarr ar na grúpaí taighde smaoineamh ar dhóigheanna a bhféadfadh siad rud nua a dhéanamh as rud éigin a caitheadh amach. Ansin, déanfaidh na grúpaí colláis 'laghdaigh, athúsáid agus athchúrsáil' agus ábhair dhramhaíola ón seomra ranga nó a tugadh isteach ón bhaile in úsáid acu.

Iarr ar oifigigh timpeallachta ón chomhairle áitiúil teacht chun na scoile le labhairt faoin dóigh a dtéitear i ngleic le saincheisteanna timpeallachta ar bhonn áitiúil. Tabhair an rang ar cuairt chuig ionad athchúrsála de chuid na comhairle áitiúla le go bhfeicfidh siad an dóigh a ndéantar rudaí a shórtáil. Fiafraigh de na páistí cad chuige a ndéantar seo.

Ansin, déanfaidh na páistí t-léine a dhearadh leis an dóigh a bhfuil gach duine aonair freagrach as an timpeallacht a léiriú. Spreag na páistí le smaoineamh ar dhóigheanna a bhféadfadh an t-léine a dhéanamh as éadach athchúrsáilte.

Fiafraigh de na páistí cé acu a shíleann siad go bhfuil an t-aer a análaímid glan nó nach bhfuil. Pléigh múch sceite ó charranna agus ó eitleáin – an rud glan é seo? Cruthaigh go bhfuil an t-aer truaillithe trí thurgnamh simplí a dhéanamh.

Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ort:
- Sreangán
- Trí phláta páipéir
- Glóthach pheitriliam
- Pollaire

Déan dhá pholl ar imeall na bplátaí, poll ag an bharr agus poll ag an bhun. Spréigh glóthach pheitriliam ar aghaidh na bplátaí. Cuir pláta amháin sa scoil, an dara pláta in aice le bóthar gnóthach agus an triú pláta ar fhoirgneamh na scoile (taobh amuigh). Úsáid sreangán leis na plátaí a choinneáil ina n-áit. Caithfidh an aimsir a bheith tirim agus na plátaí a fhágáil ansin go ceann cúpla lá.

Is féidir go 'ngreamóidh' salachar agus truailliú ón aer den ghlóthach pheitriliam. Iarr ar na páistí amharc ar na plátaí agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. Iarr orthu a mhíniú cad chuige a bhfuil cuid acu níos salaí ná a chéile.

Gníomhaíocht a Naoi
Agóid nó Síocháin

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- saincheist tíreolaíochta a fhiosrú ó thaobh dearcaí éagsúla de (SSÁP) agus;
- bheith ábalta a dtuairimí féin a chur in iúl go muiníneach (Cum).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Úsáidfidh na páistí an straitéis **Díospóireacht Speictrim** * le smaoineamh ar dhóigheanna fóirsteanacha le tuairimí a chur in iúl. Cuir an focal 'Aontaím' in airde ar taobh amháin den seomra ranga agus 'Easaontaím' ar an taobh eile. Léigh os ard roinnt ráiteas ó **Áis B**. I ndiaidh gach ráitis, bíodh deis ag na páistí machnamh a dhéanamh air agus bogadh chuig an taobh cuí den seomra. Is féidir go mbeidh cuid de na saincheisteanna measartha soiléir agus go spreagfaidh an chuid eile tuairimí éagsúla. Iarr ar na páistí a bhfreagairtí a mhíniú.

Tabhair roinnt tuairiscí nuachtáin/suíomhanna gréasáin do na páistí a léiríonn na dóigheanna éagsúla ina gcuireann daoine a dtuairimí in iúl (dóigheanna síochánta agus neamhshíochánta san áireamh). Is féidir go mbeidh cuid de na rudaí seo a leanas i gceist:
- stailceanna
- círéibeacha
- fógraíocht
- mórshiúl
- ionsaí sceimhlitheoireachta
- bileoga

Ag am ciorcail, fiosraigh na hiarmhairtí a bhaineann leis an dóigh a gcuireann daoine éagsúla a dtuairimí in iúl. Pléigh an dóigh ar féidir le daoine a dhéanann agóid neamhshíochánta an bonn a bhaint d'fheachtais fhiúntacha, mar shampla, is féidir go ndéanfaidh agóideoirí neamhshíochánta an bonn a bhaint den fheachtas le deireadh a chur le fóirithint ar ainmhithe nó is féidir go millfidh amhsóirí sacair clú cumann sacair. Cuirfidh na páistí na rudaí a dhéanann na daoine seo i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis na rudaí a dhéanann na grúpaí nó na heagraíochtaí a phléigh siad le linn na gníomhaíochta seo.

Iarr ar na grúpaí na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le hagóid neamhshíochánta a fhiosrú. Cad é a tharlódh do na hagóideoirí? An éistfeadh daoine leo?

Úsáid gníomhaíocht **Caolsráid Coinsiasa*** le plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh daoine a dtuairimí a bhrú ar dhaoine eile. Pléigh na hiarmhairtí a bheadh i gceist leis seo.

Déanfaidh na páistí liosta rialacha maidir leis an dóigh le tuairim a chur in iúl ar bhealach dearfach i suíomh grúpa nó ranga.

Déanfaidh na páistí póstaeir a dhearadh lena léiriú gur mó an tionchar a bhíonn ag tuairimí pearsanta nuair a chuirtear in iúl ar bhealach dearfach síochánta iad.

Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann leis na dóigheanna éagsúla le tuairimí a chur in iúl, agus iarr orthu plé a dhéanamh ar an dóigh is fearr lena dtuairimí a chur in iúl. Fiafraigh díobh cé acu a bhí tionchar ag an dóigh ar cuireadh tuairimí áirithe in iúl ar a ndearcadh féin nó nach raibh. Ba chóir dóibh samplaí a thabhairt de bhealaí éagsúla a gcuireann daoine iad féin in iúl. Amharcfaidh na páistí ar an nuacht agus ar fheachtais ar an teilifís agus tabharfaidh siad aird ar dhaoine a chuireann a dtuairimí in iúl ar bhealach áirithe.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Deich
Áiteanna a Mhalartú

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- an dóigh a dtéann éigeartas agus éagothromaíocht i bhfeidhm ar dhaoine a thuiscint;
- meas a bheith acu ar an réimse cultúr agus traidisiún atá le fáil i dtíortha eile;
- bheith ábalta tuairim nó dearcadh duine eile a chur in iúl le hionbhá;
- an dóigh a dtéann athrú i bhfeidhm ar dhaoine a thuiscint; agus
- bheith ábalta roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Spreag na páistí leis an fhaisnéis uilig atá bailithe acu san aonad seo a úsáid le ceann de na saincheisteanna timpeallachta a mheas ó thaobh páiste atá ina c(h)ónaí sa réigiún atá i gceist.

Is féidir leis an rang ransú smaointe a dhéanamh ar roinnt eochaircheisteanna ginearálta a chaithfidh siad a fhreagairt, mar shampla:

- Cén dóigh a ndeachaigh an tsaincheist seo i bhfeidhm ar an stíl mhaireachtála agam?
- Cad é a bheidh i ndán do mo bhaile dúchais amach anseo?

Tabhair leathán páipéar smeach-chairte do gach grúpa taighde. Déanfaidh na grúpaí liosta buntáistí agus míbhuntáistí leis na hathruithe maithe agus na drochathruithe a fhiosrú. Mar shampla, is féidir go ndéarfaidh páiste as réigiún foraois bháistí go bhfuil níos mó airgid sa cheantar anois mar gheall ar an lománaíocht, ach gurb í an lománaíocht a thug air/uirthi aistriú chuig áit éigin eile.

Ina ngrúpaí, fiosróidh na páistí na hathruithe a bheadh i ndán dóibh dá mbeadh orthu a saol a mhalartú le páiste ón éiceachóras/réigiún ar a ndearna siad staidéar. Ba chóir dóibh smaoineamh ar na dóigheanna a dtiocfadh feabhas ar an stíl mhaireachtála acu, mar shampla – bia sláintiúil a ithe, níos mó aclaíochta a dhéanamh. Ba chóir do gach duine ina (h)aonar dírbheathaisnéis a scríobh amhail is gur páiste ón réigiún sin é/í.

I seisiún iomlánach, déanfaidh an rang machnamh ar cad é a tharlódh ina saol mura ndéanfadh gach duine againn athruithe le dul i ngleic le cuid de na saincheisteanna timpeallachta seo.

Gníomhaíocht a hAon Déag
Pasanna Comhshaoil

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- bheith eolach ar an tionchar a bhíonn ag na rudaí a dhéanann daoine ar an dúlra; agus
- TFC a úsáid le smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chlóscríobh ar scáileán agus é a chur in eagar (ÚTFC).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Taispeáin pas don rang. Iarr orthu plé a dhéanamh ar cad é a chuirtear i bpas agus cén cineál eolais atá le fáil ann. Dírigh a n-aird ar an áit a gcuirtear stampaí. Cad é a thig linn a dhéanamh má tá pas againn? Mínigh don rang go gcruthóidh siad pas comhshaoil dá gcuid féin a úsáidfidh siad bliain i ndiaidh bliana ar scoil in Eochairchéim 2. Taispeánfaidh na pasanna comhshaoil na saincheisteanna comhshaoil a ndearna siad staidéar agus ar dhírigh siad aird orthu, chomh maith leis na fadhbanna a réitigh siad. Ba chóir saincheisteanna scoile, áitiúla agus domhanda a bheith luaite air.

Agus TFC in úsáid acu, déanfaidh na páistí pas is féidir leis na daltaí a úsáid bliain i ndiaidh bliana a dhearadh. Thig leo chomh maith stampaí nó greamáin a dhearadh le cur isteach sa phas nuair a bhainfear cuspóir áirithe amach. Mar shampla, bheadh stampa ag na daltaí sin a bhfuil staidéar déanta acu ar an aonad seo, lena léiriú go bhfuil siad 'Eolach ar Shaincheisteanna Domhanda' nó go raibh siad 'Páirteach i bhFeachtas ar Shaincheist Dhomhanda'. Is é a bheidh sa phas, taifead den obair uile atá déanta acu mar 'éicealaochra' agus is féidir é a chur sna Taifid Ghnóthachtála a bhronntar ar dhaltaí Bhliain 7 ar fhágáil na scoile dóibh.

Áiseanna

Áis A
Ceisteanna Taiscéalaíochta

An Mol Thuaidh/An Mol Theas

Roghnaigh duine de na Taiscéalaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas:
- RF Scott – An tAntartach
- Ernest Shackleton - An tAntartach
- Robert E Peary – An Mol Thuaidh

1. Cá huair a chuaigh sé ar an turas taiscéalaíochta?
2. Cén dóigh ar thaistil sé?
3. Cén trealamh a thug sé leis?
4. Cad é air ar tháinig sé nuair a bhain sé an áit amach?
5. Cad iad na contúirtí a bhí ann?
6. Cad chuige a raibh sé ag taiscéaladh sa réigiún seo?

Smaoinígí ar dhá cheist eile ar a laghad a bhaineann le taiscéalaithe na mol ar mhaith libh freagra a fháil orthu.

An Fásach

Roghnaigh duine de na taiscéalaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas:
- **Howard Carter – a d'aimsigh tuama Túncámain i bhfásach san Éigipt**
- **Marco Polo – taiscéalaí as an Eoraip a thrasnaigh Gaineamhlach Ghóibí ar a bhealach chun na Síne.**

1. Cén dóigh ar thaistil an taiscéalaí agus é sa réigiún seo?
2. Cén trealamh a thug sé leis?
3. Cad é air ar tháinig sé san áit?
4. Cad iad na contúirtí a bhí ann?
5. Cad chuige a raibh sé ag taiscéaladh sa réigiún seo?

Smaoinígí ar dhá cheist eile ar a laghad a bhaineann le taiscéalaithe na bhfásach ar mhaith libh freagra a fháil orthu.

An Fhoraois Bháistí

Roghnaigh duine de na taiscéalaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas:
- **An Dr David Livingstone – a thaiscéal an Afraic**
- **Henry Stanley – a thaiscéal an Congó tríd an fhoraois bháistí**

1. Cá huair a thaiscéal sé an réigiún seo?
2. Cén dóigh ar thaistil sé agus é sa réigiún seo?
3. Cén trealamh a thug sé leis?
4. Cad é air ar tháinig sé san áit?
5. Cad iad na contúirtí a bhí ann?
6. Cad chuige a raibh sé ag taisceáladh sa réigiún seo?

Smaoinígí ar dhá cheist eile ar a laghad a bhaineann le taiscéalaithe na bhforaoisí báistí ar mhaith libh freagra a fháil orthu.

Áis B
Agóid nó Síocháin – Tuairimí a chur in iúl

Tá sé éigeart bréaga a insint ar chúis ar bith.

Tá sé contúirteach fón póca a úsáid.

Chiceáil an cara is fearr agat liathróid agus bhris sé fuinneog. Chuir sé an locht ortsa. Ar chóir duit glacadh leis sin?

Tá sé ag cur. De ghnáth, téann tú abhaile ón scoil sa bhus. Tá do chuid airgid caillte agat agus ní thig leat an táille a íoc. Tá cuid mhór páistí ag fanacht ag stad an bhus agus tá a fhios agat go dtiocfadh leat sleamhnú isteach sa bhus gan fhios don tiománaí. Cad é ba chóir duit a dhéanamh?

Bíonn duine de na páistí i do rang ag tromaíocht ar do dheartháir óg. Ní shíleann tú go bhfuil sé seo cothrom, mar sin de, buaileann tú dorn air.

Ní maith leat an bia atá ar fáil i gceaintín na scoile agus socraíonn tú go bpléifidh tú an fhadhb le comhairleoir na scoile nó le do mhúinteoir.

Tá sé contráilte táirgí a thástáil ar ainmhithe ar chúis ar bith.

Ba chóir go dtabharfaí ar pháistí siúl ar scoil le stad a chur le truailliú ó charranna.

Áiseanna Molta

Suíomhanna Gréasáin:

British Antarctic Survey
www.antarctica.ac.uk

National Maritime Museum
www.nmm.ac.uk

Environmental Education Forum
www.eefni.org.uk/

Global Dimension
www.globaldimension.org.uk

Greenpeace
www.greenpeace.org

Survival International
www.survival-international.org

TFC
Encarta World Atlas
Google Earth

Cláir Theilifíse
Landmarks: Tropical Rainforest, BBC
Primary Geography: Weather, Place and People, BBC
Primary Geography: Coping with the Climate, BBC
Eureka!: The Inuit, Channel 4
Geography Junction: Extreme Weather, Channel 4

Níl aon fhreagracht ná dliteanas ar CCEA maidir le hábhar ar bith atá á sholáthar ag aon cheann de na suíomhanna ghréasáin nasctha nó atá ar fáil iontu, agus ní gá go dtacaímid leis na tuairimí a chuirtear in iúl iontu. Ní féidir linn ráthaíocht a thabhairt go n-oibreoidh na naisc seo i gcónaí agus níl aon smacht againn ar infhaighteacht na leathanach nasctha.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning